# An Bille um Ainm agus Seoladh Gaeilge an Duine (Síneadh Fada), 2026
# Irish Language Name and Address of the Person (Length Accent) Bill 2026

*Mar a tionscnaíodh*

*As initiated*

[Uimh. 25 de 2026]

**AN BILLE UM AINM AGUS SEOLADH GAEILGE AN DUINE (SÍNEADH FADA), 2026**
**IRISH LANGUAGE NAME AND ADDRESS OF THE PERSON (LENGTH ACCENT) BILL 2026**

*Mar a tionscnaíodh*

*As initiated*

CLÁR AN ÁBHAIR

Alt


1. Míniú
2. Leasú ar alt 92 den Phríomh-Acht
3. Leasú ar Acht 2003
4. Leasú ar alt 66 d'Acht 2011
5. Gearrtheideal, comhlua agus tosach feidhme

## Na hAchtanna dá dTagraítear

Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 (Uimh. 32)

An tAcht um Chosaint Sonraí, 2018 (Uimh. 7)

An tAcht um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Poist), 2011 (Uimh. 21)

**AN BILLE UM AINM AGUS SEOLADH GAEILGE AN DUINE (SÍNEADH FADA), 2026**
**IRISH LANGUAGE NAME AND ADDRESS OF THE PERSON (LENGTH ACCENT) BILL 2026**

# Bille

*dá ngairtear*

Acht chun cruinneas in úsáid ainmneacha agus seoltaí i nGaeilge, lena n-áirítear síneadh fada ar ghutaí, a chosaint, trí cheartúcháin a éascú ar thaifid de réir an Achta um Chosaint Sonraí, 2018, trí dhualgas a chur ar rialálaithe a chinntiú go léirítear meas ar ainmneacha agus seoltaí custaiméirí agus úsáideoirí seirbhíse faoin 1 Eanáir 2030, agus tríd an reachtaíocht a leasú faoina ndéanfar rialáil ar chonarthaí amach anseo do chóras na bpostchód náisiúnta; agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara.

**Achtaítear ag an Oireachtas mar a leanas:**

**Míniú**

**1.** San Acht seo—

ciallaíonn “Acht 2003” Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003;

ciallaíonn “Acht 2011” an tAcht um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Poist), 2011;

ciallaíonn “Príomh-Acht” an tAcht um Chosaint Sonraí, 2018.

**Leasú ar alt 92 den Phríomh-Acht**

**2.** Leasaítear alt 92 den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (b) i bhfo-alt (17):

“, or

(c) they include an inaccurate rendering of the name or address of a data subject, including but not limited to where a name or address in the Irish language omits a *síneadh fada* on a vowel or has been Anglicised, whether in part or in full, unless requested by the data subject.”.

**Leasú ar Acht 2003**

**3.** Leasaítear Acht 2003 tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 9A:

**"Dualgas ar rialálaithe maidir le hainmneacha agus seoltaí i soláthar seirbhísí príobháideacha**

**9AB.** (1) Beidh feidhm ag an alt seo maidir leis na comhlachtaí poiblí seo a leanas:

(a) Banc Ceannais na hÉireann;

(b) An Coimisiún um Rialáil Fóntais;

(c) An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide;

(d) Údarás Eitlíochta na hÉireann;

(e) Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí; agus

(f) Aon chomhlacht poiblí eile a fhorordóidh an tAire faoin alt seo agus a chomhlíonann feidhm reachtúil mar rialálaí.

(2) Cinnteoidh na comhlachtaí poiblí a luaitear in alt (1), trí rialacháin nó trí choinníoll a chur i gceangal le húdarú nó dearbhú ceadúnais do chomhlacht nó do chuideachta faoina rialáil agus a chuireann seirbhís airgeadais, fóntais, cumarsáide nó aerthaistil, nó seirbhísí eile ar féidir leis an Aire iad a fhorordú faoin alt seo, ar fáil mar sholáthraí don phobal nó d'aon aicme den phobal, agus, ón 1 Eanáir 2030—

(a) go n-éascóidh an comhlacht nó an chuideachta do chustaiméir nó d'úsáideoir seirbhíse a bhfuil ainm nó seoladh acu i nGaeilge, lena n-áirítear síneadh fada, go ndéanfar na sonraí seo a thaifeadadh go cruinn agus gan ach na sonraí seo a úsáid i gcás comhfhreagras nó doiciméid ag baint leo a eisiúint, lena n-áirítear i gcás ina n-úsáidtear a ainm nó a hainm nó a seoladh nó a sheoladh ar bhillí, ticéid, pasanna bordála, cártaí creidmheasa nó dochair, nó i seirbhísí idirghníomhacha ar líne nó i bpróisis chlárúcháin, agus

(b) go bhfuil beartais curtha i gcrích chun píonós a ghearradh ar chomhlachtaí agus ar chuideachtaí a dhiúltaíonn, tar éis 1 Eanáir 2030, glacadh le hainm nó le seoladh i nGaeilge, lena n-áirítear síneadh fada, mar ainm nó seoladh bailí.",

agus sa teács Béarla:

**"Duty of regulators in regard to names and addresses in the provision of private services**

**9AB.** (1) This section applies to the following Public bodies:

(a) The Central Bank of Ireland;

(b) Commission for Regulation of Utilities;

(c) Commission for Communications Regulation;

(d) Irish Aviation Authority;

(e) Competition and Consumer Protection Commission; and

(f) Any other public body prescribed by the Minister under this section and performing a statutory function as a regulator.

(2) The public bodies mentioned in article (1) shall ensure, by regulations or by attaching a requirement to a licence authorisation or declaration for a body or company under regulation by the body and providing a financial, utility, communication or air travel service, or other services that can be prescribed by the Minister under this section, as a provider to the public or any category of the public and, from 1 January 2030—

(a) that the body or company will facilitate a customer or service user who has a name or address in Irish, including a length accent, in having these details accurately recorded by the body or company and to only use these details in the event of correspondence or documents issued in relation to them, including where his or her name or address is used on bills, tickets, boarding passes, credit or debit cards, or in interactive online services or registration processes, and

(b) that policies are put in place to penalize bodies and companies that refuse, after 1 January 2030, to accept a name or address in Irish, including a length accent, as a valid name or address.".

**Leasú ar alt 66 d'Acht 2011**

**4.** Leasaítear alt 66 d'Acht 2011 tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (5):

"(6) Any contract beginning, being renewed or extended after the commencement of this subsection and under which postcodes can be provided—

(a) shall ensure that only the Irish language address is used to identify addresses within Gaeltacht areas,

(b) shall ensure that placenames prescribed in accordance with section 32 of the Official Languages Act, 2003 are used properly,

(c) that the use of a single Irish place name will be facilitated, on the basis of a request from the data subject, or the equal use of the versions of the address in both official languages where no request has been made, to identify addresses outside a Gaeltacht area, and

(d) that anglicisation of personal details such as a name or address in Irish, in whole or in part, other than in pursuance of a request from the data subject, is prevented, and the correction of any such incorrect details according to the data subject in accordance with section 92 of the Data Protection Act, 2018, is facilitated.".

**Gearrtheideal, comhlua agus tosach feidhme**

**5.** (1) Féadfar an tAcht um Ainm agus Seoladh Gaeilge an Duine (Síneadh Fada), 2026 a ghairm den Acht seo.

(2) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh tar éis a achtaithe.

Irish Language Name and Address of the Person (Length Accent) Bill 2026

# BILL

*(as initiated)*

*entitled*

An Act to protect accuracy in the use of Irish language names and addresses, including the length accenting of vowels, by facilitating the correction of records in accordance with the Data Protection Act 2018, by placing a duty on regulators to ensure that the names and addresses of customers and service users are respected by January 1 2030, and by amending the legislation under which future contracts in respect of the national postcode system are regulated; and to provide for related matters.

*Introduced by Deputies Aengus Ó Snodaigh, Réada Ní Chróinín and Conor D. McGuinness,*

5*th March,* 2026

An Bille um Ainm agus Seoladh Gaeilge an Duine (Síneadh Fada), 2026

# BILLE

*(mar a tionscnaíodh)*

*dá ngairtear*

Acht chun cruinneas in úsáid ainmneacha agus seoltaí i nGaeilge, lena n-áirítear síneadh fada ar ghutaí, a chosaint, trí cheartúcháin a éascú ar thaifid de réir an Achta um Chosaint Sonraí, 2018, trí dhualgas a chur ar rialálaithe a chinntiú go léirítear meas ar ainmneacha agus seoltaí custaiméirí agus úsáideoirí seirbhíse faoin 1 Eanáir 2030, agus tríd an reachtaíocht a leasú faoina ndéanfar rialáil ar chonarthaí amach anseo do chóras na bpostchód náisiúnta; agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara.

*Na Teachtaí Aengus Ó Snodaigh, Réada Ní Chróinín agus Conchubhair Mac Aonghusa a thug isteach,*

5 *Márta,* 2026

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
BÓTHAR BHAILE UÍ BHEOLÁIN, CILL MHAIGHNEANN,
BAILE ÁTHA CLIATH 8, D08 XAO6.
Teil: 046 942 3100
r-phost: publications@opw.ie
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
MOUNTSHANNON ROAD, KILMAINHAM,
DUBLIN, D08 XAO6.
Tel: 046 942 3100
Email: publications@opw.ie
or through any bookseller.

€1.27

9 781399 342179